

## CÉN TRAENÁIL A BHEIDH AR FÁIL?

Mar chuid den dtraenáil, beidh:

- Forbairt pearsanta agus spioradálta  
*urnaí, meantóireacht agus laethanta spioradálta*
- Ministreacht Thréadach  
*Ionrú agus traenáil sa mhinstreacht*
- Modúl i nDiagacht Thréadach  
*Teastas, leibhéal 6, ó Chólaiste Mhuire gan Smál,  
i Ministreacht Thréadach*
- Ceannaireacht  
*ag forbairt scileanna agus ag obair mar chuid de mheitheal*

Beidh an chothú ann idir cúrsaí ar-líne agus teacht le chéile a bheith ag ionad i ndeoise Chiarraí.

## AN CHEART DOM A THUILLÉADH EOLAIS A LORG?

B'fhéidir go gcabhródh na ceisteanna seo leat cinneadh a dhéanamh.

- *An oibríonn tú go maith le daoine eile?*
- *An bhfuil scileanna cothaithe ionat i réimsí eile ded shaol, a chabhródh leis an Mhinstreacht seo?*
- *An bhfuil tú sásta machnamh ar do thuras chreidimh tríd an saol agus páirt a ghlacadh i bhfoghlaím le daoine eile?*
- *An féidir leat 3-4 uair a chloig a thabhairt go deonach mar cheannaire thréadach san cúig bhliain amach romhainn?*



PÁPA PROINSIAS


“Tá tuataigh atá cothaithe go maith de dhíth orainn, lán leis an chreideamh atá soiléir agus fíor, go bhfuil caidreamh pearsanta agus caidreamh lán de thrócaire a bhraiscint idir iad féin agus grá Íosa Críost.

Tá tuataigh uainn a rachadh sa tseans, nach bhfuil eagla orthu a lámha a shalú nú botúin a dhéanamh, iad san a rachadh chun cinn. Tá tuataigh uainn le fíis don todhchaí acu.”

## CÁ BHFUIL ÁR DTRIALL?

Tuilleadh eolais - féach ar

[www.dioceseofkerry.ie](http://www.dioceseofkerry.ie)



## MINISTREACTH AR CHEANNAIREACTH THRÉADACH TUATACH



MINISTREACTH  
NUA DEONACH  
I NDEOISE CHIARRAÍ



## RÉAMHRÁ

'Sé 'Ár nAthair' an ráiteas is mó cáil sa Chríostaíocht. Is clann gach pobal eaglasta, deartháireacha agus deirfiúracha gach naon. 'Sé ballraíocht don chlann seo ná sacraimint an bhaiste. I ngach clann, bíonn páirt tábhachtach ag gach ball. Tá freagracht ar leith orthu le chéile, i gcóir saol clainne.

Fágadh an chuid faoi chúram na sagairt agus mná rialta nuair a bhíodar go flúirseach. Inniu táid gann - caithfidh tuataigh a bheith mar cheannairí agus glacadh páirt i saol an pharóiste agus a bheith tiomanta chun saol bríomhar pobal Dé a chothú. Mar sin, cuirim fíor chaoin fáilte roimh an Mhinistreacht de Cheannaireacht Thréadacht Tuatach agus sinn á thosnú.

Ní bheidh todhchaí na hEaglaise níos fearr ná níos measa ach deifriúil!

Is as an Tiarna aiséirithe atá ár muinín againn, i láthair agus ag obair tríd an Spioraid Naomh.

## CAD IS EA AN MHNISTREACHT NUA SEO?

Tá saol an pharóiste athraithe go mór. Tá sé soiléir anois nach bhfuil na sagairt go flúirseach a thuilleadh. Anois, níl sagart buan lonnaithe i ngach paróiste. Bhíodh sagart i ngach paróiste, tráth dá raibh ach anois, bíonn sagairt sa limistéar tréadach áitiúil ag freastal ar roinnt paróistí le chéile.

Tá imní ar dhaoine faoi thodchaí a bparóistí. As seo amach, beidh foireann de shagairt agus tuataigh ag obair le chéile agus ag freastal ar pharóistí. 'S í an Mhinistreacht de cheannaireacht thréadach tuatach ná ceann a bhíonn ag comhordú, ag treorú agus ag tacú le gníomhachtaí tréadacha ina gceantar áitiúil. Beidh orthú freagracht a thógaint as cuid den obair a bhíodh á dhéanamh ag na sagairt go dtí seo. Beidh an ministreacht seo ag tacú le ministreacht an tsagairt agus an deagánaigh.

## CÉN RÓL A BHEIDH AG AN GCEANNAIRE THRÉADACH TUATACH?

'S í an ról atá ag an gceannaire thréadach tuatach ná comhordú agus freagracht a thógaint as gnéithe ar leith den ministreacht, ag eascirt as riachtainní áitiúla.

D'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bheith mar chuid den ministreacht:-

- **Ullmhúchán dos na Sacraimintí** - Ag cothú an caidreamh idir an baile, an scoil agus an paróiste. Comhordú an phlean chun tacú le teaghlach atá ag cur a leanaí ar aghaidh chun glacadh le sacraimintí.
- **Aire Thréadach** - Comhordú turasanna baile dóibh san atá teanntaithe sa bhaile, daoine críonna, daoine i dtithe bhanaltrais. Ag tacú le fóirne oibre i dtithe bhanaltrais chun amanta urnaí a cheiliúradh.
- **Liotúirge** - Comhordú ministéirí liotúirge éagsúla a chuireann beocht i gceiliúradh Aifreann an Domhnaigh.
- **Ag cothú an Chreidimh** - Ag cíoradh an chreidimh le daoine fásta, ag cur deiseanna urnaithe ar fáil agus ag cíoradh Briathar Dé.
- **Ministreacht don Óige** - Ag déanamh cinnte de, go mbeidh an taos óg agus daoine óga cothaithe agus go mbeidh meas orthu agus go mbeidh seans acu bláthú sna buanna atá fachtu acu ó Dhia.

